



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

# GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE

## Gníomhairí Sealadacha (AD 6) don ERCEA

### ERCEA/TA/172/2019

Tá Glao ar Léiriú Spéise á eagrú ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA) ar mhaithe le Liosta Ionadaithe de thart ar 15 iarrthóir a bhunú le haghaidh:

### Gníomhaire do Chlár Taighde i réimse an Athbhreithnithe agus na Monatóireachta Eitice

Cuirfear tús leis an tréimhse chlárúcháin **26/03/2019** agus tiocfaidh deireadh léi **26/04/2019,**  
**ag 12:00 (meán lae), am na Buiséile.**



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

## A. Eolas fúinn agus cad atá á thairiscint againn

Tá rún daingean ag ERCEA na smaointe iontacha sin nach bhfuil forbairt déanta orthu fós, mar aon leis na heolaithe atá á gceapadh, a roghnú agus a chistiú.

I gcleachtas, tacaíonn ERCEA leis an obair a dhéanann ERC, an chéad chomhlacht maoiniúcháin uile-Eorpach atá i gceannas ar thaighde ceannródaíoch den chéad scoth san Eoraip, comhlacht ar bhunaigh an tAontas Eorpach é i mí Feabhra 2007. Cruthaíodh ERCEA d'fhonn Clár na Smaointe a bhainistiú, cuid de Sheachtú Creachlár le haghaidh Taighde an AE (FP7). Rinneadh athnuachan ar shainordú ERCEA go dtí 2024, chun cuid de Chreachlár um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) Fhís 2020 a chur chun feidhme.

Chun cuspóirí ERC a bhaint amach, bainistíonn ERCEA roinnt deontas a bhaineann le taighde ceannródaíoch: 'Deontais Tionscnaimh' atá dírithe ar cheannairí taighde luathghairme a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu, 'Deontais Chomhdhlúthúcháin', atá dírithe ar thaighdeoirí den scoth atá ag obair go neamhspleách cheana féin, 'Deontais d'Ardaighde' a thacaíonn le taighdeoirí bunaithe den scoth, mar aon le 'Deontais Sineirge' i gcomhair grúpaí de bheirt, tríir nó cheathrar Príomh-Imscrúdaitheoirí chun tabhairt faoi thionscadail uailmhianacha taighde i dteannta a chéile. Maoiníonn na deontais tionscadail in aon réimse taighde, agus is é barr feabhais an t-aon chritéar roghnúcháin. Ó bunaíodh an Ghníomhaireacht, tá tacaíocht curtha ar fáil do thart ar 9,000 taighdeoir den chéad scoth atá ag céimeanna éagsúla dá ngairmeacha. Faoi Fhís 2020, tá buiséad iomlán de EUR 13 billiún ag ERCEA.

Tá ERCEA tiomanta do thaighde ar shárchaighdeán agus do na caighdeáin is airde i ngach réimse dá chuid oibre, agus is mian leis comhaltaí foirne gairmiúla inspreagtha a mhealladh – daoine a bhfuil na cáilíochtaí agus an saineolas ceart acu. Timpeallacht oibre nua-aimseartha, dinimiciúil, spreagúil agus tarraingteach atá ag an ERCEA.

Laistigh den ERCEA, déanann an Roinn um Bainistíocht Eolaíoch tascanna a éilíonn tuiscint ar an ábhar eolaíoch. Cuireann an Roinn um Bainistíocht Eolaíoch próiseas an athbhreithnithe piaraí agus an athbhreithnithe eitice le haghaidh roghnúcháin deontas ERC agus na próisis a bhaineann le monatóireacht eolaíoch agus eitice deontas chun feidhme. Tacaíonn an Roinn leis an gComhairle Eolaíoch lena cuid oibre a bhaineann le hábhair eolaíocha.

Tá an Ghníomhaireacht suite i gceartlár na Bruiséile agus táthar ag súil go mbeidh 529 comhalta foirne san iomlán aige faoi dheireadh 2020. Le tuilleadh faisnéise a fháil i dtaobh ERC agus ERCEA, féach ár láithreán gréasáin: <http://erc.europa.eu/>.

Tríd an nGlaó ar Léiriú Spéise seo a eagrú, tá sé mar aidhm ag ERCEA folúntais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo mar Ghníomhaire do Chlár Taighde i réimse an Athbhreithnithe agus na Monatóireachta Eitice a líonadh.



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

## Gníomhaire Sealadach (AD 6) – Gníomhaire Cláir Taighde Athbhreithnithe agus na Monatóireachta Eitice (ERCEA/TA/172/2019)

### Maidir linn

Laistigh de Roinn B, déileálann Aonad B.1 le hAthbhreithniú Eitice agus le Bainistiú Saineolaithe. Déanann an tAonad sainmhíniú agus bainistiú ar na próisis atá ann le haghaidh athbhreithniú agus monatóireacht eitice. Chomh maith leis sin, cuireann an tAonad conarthaí agus fócaíochtaí saineolaithe chun feidhme.

### A bhfuil á thairiscint againn

Beidh an Gníomhaire do Chlár Taighde ag obair mar chomhairleoir agus mar chomhordaitheoir chun athbhreithniú eitice agus monatóireacht eitice a dhéanamh ar na tograí agus ar na tionscadail atá á maoiniú ag ERC, agus beidh na dualgais seo a leanas le comhlíonadh ag an nGníomhaire do Chlár Taighde:

#### Comhairle a chur ar fáil maidir le saincheisteanna eitice

- A n-inniúlacht agus eolas a úsáid chun comhairle a chur ar chomhghleacaithe maidir le saincheisteanna eitice amhail taighde cliniúil, leas ainmhithe, cearta an duine, cosaint sonraí, taighde ar chealla agus fíocháin, taighde i dtíortha ísealioncaim.
- Ceadanna eitice na dtograí agus na dtionscadal a athbhreithniú agus a bhailíochtú, arna ndréachtú ag na hoifigigh eitice.
- Páirt a ghlacadh sna painéil um athbhreithniú eitice mar chomhordaitheoir painéil.
- Treoirínte maidir le hábhar eitice agus teimpléid le haghaidh tairbhithe a shainmhíniú chun cabhrú leo a dtaighde a dhéanamh de réir phrionsabail na heitice.

#### An obair a eagrú

- Obair na n-oifigeach eitice a chomhordú in éineacht leis an gCeann Earnála agus TA (Temporary Agents = Gníomhairí Sealadacha) eile san Earnáil. Comhaontú maidir le tosaíochtaí agus spriocdhátaí.
- Feidhmiú mar chomhordaitheoir glao eitice laistigh den Earnáil le haghaidh glao amháin nó níos mó. An próiseas eitice a mhaoirsiú agus a chinntiú go bhfuil spriocdhátaí á gcomhlíonadh.
- Cur leis an bpleanáil a bheidh ar bun ag na painéil um athbhreithniú eitice. Na grúpaí saineolaithe do gach painéal a shainmhíniú bunaithe ar a réimsí saineolais.
- A chinntiú go ndéantar obair leantach i ndiaidh na dtionscadal a chur chun feidhme trí mhonatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí conarthacha trí mhonatóireacht eitice, seiceálacha eitice agus athbhreithnithe teicniúla.
- Tacú le Ceann na hEarnála chun cuspóirí na hEarnála a bhaint amach.



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

## Nósanna imeachta agus treoirlínte a choimeád i bhfeidhm

- Cur le dearbhú cáilíochta inmheánach obair na hEarnála Eitice trí threoirlínte agus nósanna imeachta a dhréachtú ar mhaithe le cur chun feidhme ceart an phróisis eitice. A chinntiú go gcoimeádtar tacar iomlán de nósanna imeachta agus de threoirlínte i bhfeidhm le haghaidh na n-oibríochtaí ar fad san Earnáil.
- An próiseas eitice a anailísiú agus a mheas agus aiseolas agus moltaí chun feabhais a dhéanamh.
- Éabhlóid na gcóras TF atá ábhartha don Earnáil a leanúint (amhail SEP, Sygma, Compass) go gníomhach trí pháirt a ghlacadh i ngrúpaí úsáideoirí. Feidhmiúlachtaí nua a mholadh agus a idirbheartú go gníomhach. Cur le tástáil eisiúintí nua de chórais TF.

## B. Cáilíochtaí agus taithe ghinearálta atá riachtanach

### 1. Critéir incháilitheachta

Measfar go bhfuil iarrthóirí incháilithe don chéim roghnúcháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta acu faoin spriocdháta le haghaidh iarratas:

#### 1.1 Coinníollacha ginearálta:

- A bheith ina s(h)aoaránach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal a c(h)heart iomlán mar shaoránach;
- Oibleagáidí ar bith arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh<sup>1</sup>;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh;

#### 1.2 Coinníollacha sonracha:

##### 1.2.1 Cáilíochtaí

Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad agus atá fianaithe le dioplóma. Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna n-eisiúint ag Ballstáit den AE nó le cáilíochtaí a aithníonn na Ballstáit ábhartha den AE atá comhionann leo. I gcás dioplómaí arna n-eisiúint i mBallstát neamh-AE, d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar an iarrthóir an doiciméad ábhartha inchomparáideachta a d'eisigh údarás aitheanta a sholáthar.

##### 1.2.2 Eolas ar theangacha

Saineolas a bheith acu ar an mBéarla agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann amháin eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh. Is é an Béarla an teanga oibre is mó a úsáidtear in ERCEA agus meastar gurb é *lingua franca* an phobail eolaíochta trí chéile é.

<sup>1</sup> Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil a thugann le fios nach bhfuil taifead coiriúil aige/aici.  
ERCEA/TA/172/2019



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

### 1.2.3 Taithí ghairmiúil

Ní mór do na hiarrthóirí, ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas, taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad a bheith acu, a fuarthas tar éis bhronnadh na cáilíochta dá dtagraítear dó in 1.2.1. Áireofar clár dochtúireachta, fiú gan íoc, mar thaithí ghairmiúil ar feadh uastréimhse trí bliana.

## 2. Critéir roghnúcháin

### 2.1 Riachtanach

#### 2.1.1 Taithí ghairmiúil

- Ba cheart go mbeadh an taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad (a iarratar i bpointe 1.2.3.) i réimse a dhéileálann le saincheisteanna eitice a bhaineann le dhá cheann nó níos mó de na réimsí seo: taighde cliniciúil, leas ainmhithe, cearta an duine, cosaint sonraí, taighde ar chealla agus fíocháin, taighde i dtíortha ísealioncaim, cosaint agus sábháilteacht an chomhshaoil, mí-úsáid agus dé-úsáid, intleacht shaorga.

#### 2.1.2 Scileanna agus inniúlachtaí ginearálta (arna meas i rith na trialach scríofa agus an agallaimh)

- Scileanna láidre bainistíochta, eagrúcháin agus cumarsáide;
- Sáreolas ar shaincheisteanna eitice;
- Sárscileanna anailíseacha;
- Scileanna dréachtaithe den scoth, agus súil ghrinn chun mionsonraí;
- Díograis agus muinín as painéil mheastóireachta a chomhordú a bhfuil saineolaithe sinsearacha seachtracha páirteach iontu;
- An cumas chun obair a dhéanamh go maith faoi bhrú agus i dtimpeallacht ilchultúrtha;
- Eolas maith ar bheartais agus cláir thaighde na hEorpa.

#### 2.1.3 Eolas ar Theangacha

Ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile den Aontas Eorpach a mhéid is gá chun na dualgais a chomhlíonadh. Go sonrath, ní mór d'iarrthóirí cumas den scoth a léiriú i mBéarla scríofa agus labhartha (leibhéal C1).<sup>2</sup>

## 2.2 Buntáisteach

- Eolas maith ar reachtaíocht an AE atá ábhartha don eitic taighde;
- Cáilíocht acadúil i gceann amháin de na réimsí seo a leanas: Eitic; Fealsúnacht; Eolaíochtaí Bithleighis; Bitheolaíocht; Dlí; Cearta an Duine; Tíreolaíocht Dhaonna; Tréidliacht; Síceolaíocht;

---

<sup>2</sup> An Comhchreat Tagartha Eorpach do Theangacha.  
ERCEA/TA/172/2019



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

Antraipeolaíocht; Geilleagar; Eolaíochtaí an Chomhshaoil; Eolaíochtaí Polaitiúla; Intleacht Shaorga.

## C. An Próiseas Roghnúcháin

### 1. An Coiste Roghnúcháin

Ceapfar Coiste Roghnúcháin le haghaidh na próifíle seo agus beidh sé comhdhéanta de chúigear comhaltaí lena n-áirítear comhalta arna ainmniú ag an gCoiste Foirne. Féadfar comhaltaí malartacha a cheapadh chun teacht in áit na gcomhaltaí a dhearbhaigh coinbhleacht leasa.

Ní cheart d'iarrthóirí, in aon imthosca, teagmháil a dhéanamh leis an gCoiste Roghnúcháin iad féin, go díreach nó go hindíreach, maidir leis an roghnúchán seo. Forchoimeádann Údarás Ceapacháin ERCEA (AHCC ina dhiaidh seo) an ceart aon iarrthóir a thugann neamhaird ar na teoracha seo a dhícháiliú. Agus measúnú á dhéanamh ar bhuanna na n-iarrthóirí, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin prionsabal an chaithimh chomhionann a urramú.

### 2. Sceideal tásca

Beidh roinnt míonna ag teastáil chun an próiseas roghnúcháin a chur i gcrích. Coinneofar iarrthóirí ar an eolas faoi thoradh na gcéimeanna éagsúla go tráthúil.

### 3. Glacadh isteach sa phróiseas roghnúcháin

Nuair a bheidh an spriocdháta chun an fhoirm iarratais a chur isteach imithe thart, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin seiceáil ar na hiarratais a cuireadh isteach le haghaidh a gcuid próifíle i gcoinne **na gcritéir incháilitheachta** atá sonraithe thuas faoi Chaibidil B, Rannán 1.

### 4. Measúnú tosaigh ar na hiarratais

Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin measúnú ar iarratais na n-iarrthóirí incháilithe maidir leis na **critéir roghnúcháin** atá sonraithe thuas faoi Chaibidil B, Rannán 2.

### 5. Cuireadh chun trialacha scríofa a dhéanamh

Nuair a bhíonn an measúnú críochnaithe, bunóidh an Coiste Roghnúcháin gearrliosta de thart ar an **45** iarrthóir is fearr a chomhfhreagraíonn do riachtanais na próifíle. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta triail scríofa a dhéanamh<sup>3</sup>.

**Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach do na hiarrthóirí a ghnóthaíonn marc os cionn na tairisí thuas sna tástálacha scríofa (féach 6.1 thíos).**

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí chun agallaimh trí r-phost ó [ERC-SELECTION@ec.europa.eu](mailto:ERC-SELECTION@ec.europa.eu). Má athraíonn seoladh ríomhphoist na n-iarrthóirí sula gcuirfear an próiseas roghnúcháin i gcrích, iarrtar orthu [ERC-SELECTION@ec.europa.eu](mailto:ERC-SELECTION@ec.europa.eu) a chur ar an eolas.

<sup>3</sup> Ní thabharfar cuireadh do níos mó ná trí oiread an líon iarrthóirí rathúla atá á lorg don Liosta Ionadaithe chun an triail scríofa a dhéanamh.  
ERCEA/TA/172/2019



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

Tabhair do d'aire le do thoil, tríd is tríd chun críocha eagrúcháin, nach féidir na coinní arna leagan síos ag ERCEA a athrú ar iarratas ón iarrthóir.

## 6. Tástálacha

### 6.1 Tástáil scríofa

Beidh an tástáil i mBéarla ar áitreabh ERCEA sa Bhruiséil agus marcálfar í go hanaitnid, as 100 pointe san iomlán (pasmharc: 70). Áireofar leis an tástáil scríofa an méid seo a leanas:

(1) Cás-staidéar ar ábhar a bhaineann le réimse an phoist atá le líonadh, arb é an cuspóir atá leis ná eolas teicniúil na n-iarrthóirí a mheas, chomh maith lena gcumas tuisceana, anailísithe, achoimrithe agus dréachtaithe sa Bhéarla.

(2) Ceisteanna ginearálta chun eolas an iarrthóra a mheas maidir le hInstitiúidí an Aontais Eorpaigh, beartais agus cláir thaighde Eorpacha, ERC agus a chuid oibre, lena n-áirítear na scileanna agus na hinniúlachtaí ginearálta a bhfuil cur síos orthu faoi phointe 2.1.2 “Scileanna agus inniúlachtaí ginearálta”.

### 6.2 An t-agallamh

Leis an agallamh, cuirfear deireadh le measúnú na n-iarrthóirí de réir na gcritéar roghnúcháin. Reáchtálfar an t-agallamh as Béarla ar áitreabh ERCEA sa Bhruiséil. Déanfar measúnú ar eolas an iarrthóra ar an dara teanga oifigiúil i gcomhréir le pointe 1.2.2. “Eolas ar theangacha”. Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 100 marc (pasmharc: 70).

## 7. Doiciméid agus incháilitheacht a fhíorú

Déanfar iarratas an iarrthóra a sheiceáil i gcoinne na mbundoiciméad agus na mbunteastas d’fhonn cruinneas na ráiteas atá san iarratas agus incháilitheacht an iarrthóra a dheimhniú.

**Más rud é go bhfaightear amach, tráth ar bith, gur falsaíodh an fhaisnéis a tugadh in iarratas, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.**

Beidh áit an iarrthóra ar Liosta Ionadaithe ag brath ar incháilitheacht an iarrthóra a bheith deimhnithe i ndiaidh fhíorú na mbundoiciméad.

## 8. Liosta Ionadaithe

Áireoidh an Coiste Roghnúcháin thart ar an 15 iarrthóir leis na marcanna is airde ar an Liosta Ionadaithe. Cuirfear an Liosta Ionadaithe neamhrangaithe, in ord aibíte, faoi bhráid AHCC ERCEA lena fhormheas.



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

## **Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé le tuiscint ó bheith ar Liosta Ionadaithe go bhfuil aon teidlíocht chun fostaíochta ann.**

Beidh an Liosta Ionadaithe bailí go ceann tréimhse 12 mhí ó dháta a bhunaithe. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an Liosta Ionadaithe de rogha AHCC.

### **9. Fógra do na hiarrthóirí**

Cuirfear gach iarrthóir ar an eolas maidir le toradh a (h)iarratais ó [ERC-SELECTION@ec.europa.eu](mailto:ERC-SELECTION@ec.europa.eu). D'fhonn an próiseas roghnúcháin a éascú, is i mBéarla a bheidh gach teachtaireacht a sheolfar chuig iarrthóirí maidir leis an bhfolúntas seo.

### **10. Nós Imeachta Iarratais**

Ba cheart d'iarrthóirí a bhFoirm Iarratais a chur isteach i mBéarla, agus é a sheoladh chuig [ERC-SELECTION@ec.europa.eu](mailto:ERC-SELECTION@ec.europa.eu).

Ba chóir an sloinne a lua i líne an ábhair agus tagairt den Ghlaó díreach ina dhiaidh, mar seo a leanas: "SLOINNE – ERCEA/TA/172/2019 – Ethics Review and Monitoring".

Ní thabharfaidh ERCEA san áireamh ach iarratais a gheofar faoin spriocdháta, eadhon **26/04/2019 ag 12:00 (meán lae), am na Bruiséile.**

Féadfar teistiméireachtaí gairmiúla (féach leathanach 6 den Fhoirm Iarratais) a cheadú má áirítear iarrthóirí ar Liosta Ionadaithe ERCEA (agus, dá bhrí sin, gur éi righ leo sa roghnúchán seo), agus má tá siad gearrliostaithe ag seirbhís earcaíochta ar mhaithe le Conradh fostaíochta a thairiscint dóibh agus ar mian leo na ráitis déanta i rith an phróisis roghnúcháin a dhearbhu. Tabhair do d'aire le do thoil, d'fhonn cloí leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, ba cheart ainmneacha agus sonraí teagmhála na ndaoine sin a chur ar fáil le toiliú na ndaoine a bhfuil a n-ainm liostaithe.

Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí an lá deireanach chun a n-iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom Idirlín nó fabht sa nasc Idirlín a bheith ina údar deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní féidir an locht a chur ar ERCEA as moill ar bith de bharr na ndeacrachtaí sin. Tá iarrthóirí freagrach freisin as an bhfaisnéis a chuireann siad ar fáil, arb í an fhaisnéis í atá mar bhonn do mheasúnú an Choiste Roghnúcháin. Tá siad freagrach as deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fhaisnéis uile iomlán agus ceart sula gcuirfear an t-iarratas isteach.

Dícháileofar iarrthóirí **mura ndéanfaidh siad** an méid seo a leanas:

- coinníollacha an ghlaó mar a foilsíodh é a chomhlíonadh;
- a n-iarratas a sheoladh isteach faoin sprioc-am;
- iarratas iomlán, lena n-áirítear gach rud a iarradh, a sheoladh isteach;
- na critéir incháilitheachta go léir a chomhlíonadh;
- gach ceann de na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur ar fáil.

### **11. Bundoiciméid a sholáthar lá an agallaimh**

Má thugtar cuireadh dóibh freastal ar agallamh, éileofar ar iarrthóirí, lá an agallaimh, bunchóipeanna





European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

nó deimhnithe de na doiciméid lena sonraítear saoránacht, cúrsaí staidéir agus aon taithí ghairmiúil a thaispeáint. Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a thabhairt leo, lá an agallaimh:

- doiciméad lena gcruthaítear a saoránacht (m.sh. pas, cárta aitheantais nó aon doiciméad oifigiúil eile lena sonraítear a saoránacht, nach mór dó a bheith faighte acu ag dáta nach déanaí ná an dáta deiridh i gcomhair clárú ar líne);
- más ábhartha, doiciméad lena gcruthaítear go bhfuil na hoibleagáidí maidir le seirbhís mhíleata comhlíonta;
- an dioplóma/na dioplómaí lena bhfianaítear go bhfuil a gcuid staidéar críochnaithe go rathúil acu;
- cruthúnas maidir le taithí ghairmiúil lena dtugtar le fios go soiléir dátaí tosaithe agus críochnaithe mar aon le cineál na ndualgas ar tugadh fúthu (m.sh. conarthaí fostaíochta, teastais fostóirí).

**Ní ghlacfar le cóipeanna páipéar ó leathanaigh gréasáin agus/nó tagairtí do shuíomhanna gréasáin mar dhoiciméid tacaíochta chun na críocha seo.**

Ní mór d'iarrthóirí fótachóip de gach doiciméad a thabhairt leo freisin. Ar na bundoiciméid a fhíorú, tabharfar ar ais na doiciméid sin lá an agallaimh. Coinneofar na fótachóipeanna go ceann na dtréimhsí atá sonraithe sa Ráiteas Sonrach Príobháideachais atá foilsithe ar shuíomh gréasáin ERC – féach rannán F.

## **D. Coinníollacha Fostaíochta**

Is féidir iarrthóirí ar an Liosta Ionadaithe a eascraíonn as an bpróiseas roghnúcháin seo a iarraidh chuig an dara hagallamh trí sheirbhís earcaíochta in ERCEA. Féadfar conradh sealadach a thairiscint d'iarrthóirí rathúla ó na dara hagallaimh de bhun Theideal I, Airteagal 2 (f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS)<sup>4</sup>. Is í an Bhruiséil, an Bheilg, an áit fostaíochta.

Is é AD 6 an grád earcaíochta. Déanfar na hiarrthóirí rathúla a dtairgtear conradh fostaíochta dóibh a ghrádú agus iad ag dul i mbun seirbhíse i gCéim 1 nó i gCéim 2 de réir fhad a dtaithe gairmiúla. Is iad na buntuarastail mhíosúla do ghrád AD 6 ná:

- Céim 1: EUR 5.416,58
- Céim 2: EUR 5.644,20

Ní mór do thaithí phroifisiúnta a bheith bainteach le réimse gníomhaíochta ceann amháin de na hInstitiúidí chun go gcuirfí san áireamh í. Áireofar taithí phroifisiúnta ón dáta a bhfuair an t-iarrthóir na cáilíochtaí íosta chun an post a fháil. Ní áireofar taithí phroifisiúnta roimh an dáta sin. Is den riachtanas é, mar sin, go soláthrófaí faisnéis faoin gcáilíocht lena dtugtar rochtain ar an bpost, dáta na dámhachtana go háirithe. Agus taithí phroifisiúnta á ríomh, cuirtear gníomhaíocht phroifisiúnta atá doiciméadaithe go cuí san áireamh (i.e. fostaíocht íoctha nó féinhostaíocht). Cuirfear san áireamh seirbhís mhíleata éigeantach nó a combhionann de státseirbhís.

<sup>4</sup> Féach [Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh](#).  
ERCEA/TA/172/2019



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

Áirítear saoire mháithreachais reachtúil mar ghníomhaíocht phroifisiúnta, ach ní áireofar saoire gan fócaíocht. Cuirfear san áireamh obair pháirtaimseartha i gcomhréir le céatadán na n-uaireanta lánaimseartha a oibríodh. Ní chuirfear san áireamh tréimhsí oideachais nó oiliúna, cúrsaí oiliúna gan fócaíocht nó deontais staidéir. Ní chomhairfear aon tréimhse faoi leith ach aon uair amháin (e.g. dá mba rud é go raibh post lánaimseartha ag an iarrthóir agus obair mar shaor-shainchomhairleoir ar bun aige nó aici sna tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine, ní chuirfear na laethanta a caitheadh ar an obair sin leis an tréimhse oibre fostaíochta).

I gcás tairiscint fostaíochta agus sula síneofar an Conradh, iarrfar ar an iarrthóir rathúil dul faoi scrúdú éigeantach leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis na nInstitiúidí chun go léireofar go gcomhlíontar ceanglas Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach (“Rialacháin Foirne”).

Sa chás go dtairgeofar Conradh, is é dhá bhliain an chéad tréimhse agus is féidir athnuachan a dhéanamh air ar feadh tréimhse bhreise de bhliain amháin. Má athnuaitear arís é, gabhfaidh tréimhse éiginnte leis an gConradh agus déanfar é a fhoirceannadh má thagann deireadh le ERCEA.

Tá a scéim slándála sóisialta agus pinsin féin ag na hInstitiúidí Eorpacha. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh comhaltaí foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais. Tá an tuarastal faoi réir cáin Chomhphobail a asbhaintear ag an bhfoinse; tá comhaltaí foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

## E. Comhdheiseanna

Is mór ag ERCEA an éagsúlacht agus cuireann sé comhionannas chun cinn. Cuirimid beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacaimid le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, a bheith i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, i gcomhréir le hAirteagal 1(d)(1) de na Rialacháin Foirne. Tairgimid socruithe oibre solúbtha atá oiriúnach don teaghlach (fleisc-am, teilea-oibriú) agus riachtanais oibriúcháin á gcur san áireamh.

## F. Sonraí pearsanta a chosaint

Áirithíonn ERCEA go bpróiseáiltear sonraí pearsanta iarratasóirí faoi mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, L 295 an 21 Samhain 2018). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil sonraí den sórt sin.

Tá Ráiteas Sonrach Príobháideachais foilsithe ar shuíomh gréasáin ERC ag an seoladh seo a leanas:

[https://erc.europa.eu/sites/default/files/document/file/erc\\_sps\\_selection.pdf](https://erc.europa.eu/sites/default/files/document/file/erc_sps_selection.pdf).



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

Iarrtar ar iarrthóirí é sin a léamh go cúramach, mar go bhfuil faisnéis úsáideach ann a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus cearta ábhartha.

## **G. Athbhreithniú a iarraidh, achomhairc agus gearáin**

### **Athbhreithniú**

Feidhmíonn ERCEA agus na Boird Roghnúcháin laistigh de chomhthéacs phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh mar a léirmhíonann na cúirteanna iad. Agus fiúntas na n-iarrthóirí á mheas acu, caithfidh na Boird Roghnúcháin go cothrom leis na hiarrthóirí ar fad.

Má chreideann iarrthóirí, mar sin féin, nár cuireadh i bhfeidhm ceann de na prionsabail sin ina gcás, tá sé de cheart acu, laistigh de 10 lá féilire ón dáta a bhfuair siad fógra faoin gcinneadh a seoladh chucu, athbhreithniú a iarraidh trí litir, agus na fáthanna atá acu leis an athbhreithniú a bheith luaite inti, a sheoladh chuig an seoladh r-phoist seo a leanas: [ERC-SELECTION@ec.europa.eu](mailto:ERC-SELECTION@ec.europa.eu).

Ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a lua i líne an ábhair: An tagairt don phróiseas roghnúcháin lena mbaineann; a n-ainm iomlán; 'Request for review'; an chéim den roghnú lena mbaineann an gearán.

Cuirfidh ERCEA ar aghaidh chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin é más rud é go dtagann sé faoi chúram an Choiste, agus seolfar freagra chuig na hiarrthóirí a luaithe agus is féidir.

### **Nós Imeachta Achomhairc**

Má mheasann iarrthóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearnadh dochar dá leasanna de bharr cinneadh faoi leith, nó d'éagmais cinneadh faoi leith, is féidir leo an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Is féidir leis na hiarrthóirí gearán riaracháin a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne, ag an seoladh seo a leanas:

#### **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde**

Faoi bhráid: An Stiúrthóir

TAG: ERCEA/TA/172/2019

COV2, Place Rogier 16

B-1049 An Bhruiséil

Ní mór an gearán a thaisceadh laistigh de thrí mhí ón dáta ar a dtabharfar fógra do na hiarrthóirí faoin ngníomh a mbeidh tionchar diúltach aige orthu, nó murar ann dó, má sáraíodh go follasach na rialacha a rialaíonn an próiseas roghnúcháin. Ní féidir le AHCC breithiúnas luachála a rinne an Coiste



European Research Council  
Executive Agency

Established by the European Commission

Roghnúcháin a chur ar ceal (i.e., cáilíocht feidhmíocht iarrthóra i dtástáil scríofa nó ó bhéal nó ábharthacht na gcáilíochtaí agus na taithí gairmiúla). Cuirfidh AHCC a chinneadh réasúnaithe in iúl don duine lena mbaineann laistigh de cheithre mhí ón dáta ar taisceadh an gearán.

• Má dhiúltaítear an gearán thuasluaite, féadfaidh iarrthóirí athbhreithniú breithiúnach a iarraidh maidir leis an ngníomh atá ag déanamh dochair dóibh, de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, os comhair:

### **Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

Clárlann na Cúirte Ginearálta

Rue du Fort Niedergrünewald

L-2925 Lucsamburg

[http://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2\\_7030/ga/](http://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_7030/ga/)

Ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a thaisceadh laistigh de thrí mhí ón dáta ar cuireadh fógra chuig iarrthóirí maidir leis an gcinneadh a rinneadh mar fhreagra ar an ngearán riaracháin thuasluaite.

Tagróidh na hiarrthóirí do thagairt an Ghlaio ar Léiriú Spéise seo.

## **Gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach**

Féadfaidh aon saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil cónaí i mBallstát gearán faoi chásanna drochríaracháin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:

### **An tOmbudsman Eorpach**

1, Avenue du President Robert Schuman – BP 403

F-67001 Strasbourg Cedex

<http://www.ombudsman.europa.eu/start.faces>

Tugtar faoi deara nach gcuirtear ar fionraí, le gearáin chuig an Ombudsman, na tréimhsí atá luaite in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacha Foirne chun gearáin a thaisceadh nó achomharc a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin go gcaithfear, de réir Airteagal 2(4) de na Rialacháin agus coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman Eorpaigh, leas a bhaint as aon leigheas riaracháin atá ar fáil ó na hinstiúidí agus na comhlachtaí atá i gceist sula ndéanfar gearán chuig an Ombudsman Eorpach.